



Minister Sean Sherlock, Shane Kelly Aidan O' Mahony, Director General CSO Gerard O'Hanlon

### CSO National Maths Awards – Winners

## Teachtaireacht ón bPríomhoide & an Leas Phríomhoide

Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as an Nuachtlitir seo agus a bheith ag léamh faoin raon agus éagsúlacht d'imeachtaí a bhíonn ar siúl sa Ghaelcholáiste fuinniúil seo. Táimid go mór faoi chomaoin ag an bhfoireann go léir as ucht a ndícheall, a bproifisiúntachta agus a ndíograis buaine. Ina theannta sin, táimid thar a bheith buíoch do Choiste Gairmoideach ais Chathair Luimnigh agus Baill an Bhoird Bainistíochta as a tacaíocht leanúnach.

Beirimid beannachtaí na Nollag agus ár gcuid dea-ghuí don Athbhliain do mhuintir Ghaelcholáiste Luimnigh uile; orthu siúd ár gcuid daltaí díograiseacha, tuismitheoirí/Caomhnóirí, foireann an Choláiste, Comhairle na nDaltaí, Comhairle na dTuismitheoirí agus baill ár gcuid Bord Bainistíochta.

*Donncha Ó Treasaigh*

Donncha Ó Treasaigh  
Príomhoide/Principal

*Sinéad ní Chiardha*

Sinéad Ní Chiardha  
Leas-Phríomhoide / Deputy-Principal





## Rugbaí

---

Chuir an slua ollmhór a bhí i láthair le haghaidh an chéad seisiún traenála rugbaí ionadh an domhain orm i dtús na bliana. Anois, leath slí tríd an bhliain tá thart ar 30 dalta ag teacht amach chuile Déardaoin. Is ó Shannon, Bohs, Young Munsters, Garryowen, Kilrush, St. Mary's agus Bruff na fir óga seo. Bhí roinnt daltaí ann nár phioc suas liathróid rugbaí riamh, mar sin, bhí difríocht cumais ann ag an tús ach anois táimid ag dul ó neart go neart.

Ní raibh an t-ádh linn ar an gcéad lá leis an bhfoireann faoi 15 in aghaidh St. Nessans. Tar éis an-chuid brú a chuir ar na fir ó St. Nessans, níor bhaineamar usáid as, thapaíomar ár gcuid seansanna agus chailleamar ar deireadh. An captaen a bhí ainmnithe le haghaidh na foirne faoi 15 ba ea Ben Walsh, agus Donal Óg Mac Ionnrachtaigh mar leas-chaptaen. An chéad lá eile, bhaineamar amach éacht mhór. Bhí dhá fhoireann ag imirt ar son na scoile an lá sin agus bhíomar ar an t-aon scoil a bhí in ann é sin a dhéanamh. Ní féidir a shéanadh, mar sin, an méid suime atá againn i rugbaí sa scoil seo, le thart ar 24 daltaí ag imirt an ar lá.

Le déanaí bhí an bua ag an bhfoireann faoi 14 in aghaidh foirne maithe ó Sexton Street C.B.S. Ba é an scór deireanach ar an lá sin ná 10-7 tar éis uair an chloig ag imirt sa bháisteach, le húid ó Conor Freeman. Bhí Donal Óg Mac Ionnrachtaigh ainmnithe mar chaptaen bliana agus Conor Hayes mar leas-chaptaen.

Caithfidh mé mo bhuíochas a ghabháil le roinnt daoine; tá an fhoireann an-bhuíoch do Dhónal Enright, Brian O'Donoghue agus David Cross, na fir sin a thugann suas a gcuid ama féin ar son na foirne. Agus bheimis an-bhuíoch d'éinne eile a bheadh sásta aon tacaíocht a thabhairt don fhoireann, bímid ag traenáil gach Déardaoin ó a 4 a chlog ar feadh uair an chloig. Tá sé tugtha faoi deara agam chomh maith go bhfuil an méid tuismitheoirí atá ag teacht chuig na cluichí ag méadú agus is iontach an rud é sin agus tá súil agam gur féidir linn cur leis an dul chun cinn iontach atá déanta i mbliana mar scoil rugbaí.

### ***Beannachtaí na Nollag, Séamus de Blacúil***

I was very surprised the second week into the new year with the amount of students that turned out for the first rugby training of the year. Half way through the year and we now have over 30 students out with us every single Thursday. These young men come from various clubs, Bohs, Young Munsters, Garryowen, Kilrush, St. Mary's and Bruff and some too who have never picked up the oval ball before.

The first day out we had no luck with the u15 team against St.Nessans, after piling on the pressure we didn't use our opportunities and in the end lost as a result. The captain named that day for the u15 team was Ben Walsh with Daniel Enright named as his vice-captain. The next

# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter

---



day out was the turn of the first years, who did well in a blitz. We had two teams representing the school at the blitz, the only school there on the day that was able to do so, such is the interest in the school with rugby, with over 24 students lining out on the day.

The last day out with we beat a good side from Sexton's Street C.B.S (the u14 team). The match finished 10-7 after an hour played in terrible conditions, with tries both coming from Conor Freeman. Daniel Enright was named as captain for the year and Conor Hayes as vice.

I have to also extend my gratitude to a few people; the team is very appreciative of Donal Enright, Brian O'Donoghue and David Cross, these men have been very helpful, giving up their own time on behalf of the team. And we'd be very happy and more than welcoming to anyone who might be able to give a hand any Thursday from 4 o'clock, lasting for just an hour. On a final note, I have noticed the number of parents increasing coming in support to the games, and this is great to see, and may our success and development as a rugby school continue.



## Rugbaí na Sinsear

---

# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter

---



Ag tús na bliana tháinig an fhoireann rugbaí shinsearach le chéile agus bheartaíomar roinnt spriocanna a leagan amach le haghaidh na bliana seo. An chéad sprioc a bheartaíomar ar ná go mbeadh tinreamh ard ag traenáil don bhliain ar fad ionas go mbeadh comórtas mór le haghaidh áiteanna ar an bhfoireann. D'aontaigh gach imreoir go gcabhródh sé seo go mór leis an iarracht le linn traenála agus mar thoradh ar sin bheadh taispeántais níos fearr ar pháirc na himeartha. An daa cinneadh a thógamar ná go mbeadh traenáil dhá uair sa tseachtain – Dé Máirt agus Déardaoin. Bhí an fhoireann bhainistíochta dóchasach go mbeadh seans againn cluichí craoibhe a bhuachan dá gcloífeadh na imreoirí leis na rialacha bunúsacha seo. D'ainmníomar Séamus Hogan mar chaptaen tar éis coicíse toisc an iarracht mhór a chuir sé isteach ar an bpáirc traenála agus na buanna atá aige spiorad a mhúscailt agus a fhorbairt ina chomh-imreoirí. Tús maith leath na hoibre an mana a bhíomar ag iarraidh a chur i gcrích.

### **Cluiche 1 V Rockwell College**

D'eagraíomar cluiche dúshláin in aghaidh Rockwell college – coláiste le caighdeán agus tradisiún rugbaí an-láidir thar na blianta. D'éirigh thar barr linn agus bhuamar an cluiche go bog le scór deiridh, 55 – 10. Bhí gach imreoir in ard a mhaitheasa ar an lá céanna agus thug na tosaithe ardán an-mhaith do na cúlaithe trí obair láidir sa chlibirt agus sa líne-amach. Bhí Maitiú Killing thar barr leis an mbróg agus níor chuir sé cic amháin amú. Ag pointe amháin bhí Kyle Heaney ag rith tríd an lár le ceathrar d'fhoireann Rockwell ar a dhroim agus é ag treabhadh leis!

### **Cluiche 2 V Cluain Meala**

An chéad babhta den chomórtas King Cup agus bhí orainn taisteal chuig Cluain Meala chun aghaidh a thabhairt ar an bhfoireann baile. Bhí an comórtas seo buaite acu le dhá bhliain anuas agus bhíodar ag súil leis an 'hat-trick'. Níor léigh buachaillí an Ghaelcholáiste an script áirithe sin, áfach, agus thógadar an chluiche chuig Cluainmeala ón gcéad fheadóg. Is cluiche fisiciúil a bhí i gceist don chéad leath gan mórán scórála agus bhí farrasbar 5 phointe ag an nGaelcholáiste ag leath ama. Bhraitheamar go mór ar a leithéidí Conor Foley, Seamus Hogan, Diarmuid Ó Céadagáin agus Eoin Ó Riain chun an obair salach crua a chur isteach agus tugadh chun talún aon duine a bhog ó fhoireann Cluain Meala go tapa! Bhí Cian Murphy cruinn i gcónaí leis na línte amach, rud a thug seans arís do leithéidí Dylan McEvoy, Ruairí Ó Conaill agus na cúlaithe eile damáiste a dhéanamh. Bhuamar an cluiche le scór deiridh 30 - 7. Stair bainte amach againn agus ár gcéad chluiche craoibhe buaite againn.

### **Cluiche 3 V Villiers**

Cluiche mór cathrach a bhí i gceist agus aithne ag a lán daltaí ar a chéile. Chailleamar Conor Foley go luath sa chluiche, rud a chuir isteach ar fhéinmhuinín ár n-imreoirí don chéad leath. D'iarr na bainisteoirí orthu ag leath ama freagracht a ghlacadh – rud a dheineadar don dara leath. Bhí sárthaispeántais ó Alan Rowlands, Ryan Foley agus Nathan Brereton ach chun an fhírinne a rá sheas gach imreoir a fhód. Cé a chreidfeadh go raibh an dara cluiche craoibhe buaite againn?!

# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter

---



Léiríonn sé an tábhacht a bhí leis an gcruinniú ag tús na bliana agus na spriocanna a leagamar amach – rud a tháinig ós na himreoirí.

### **Cluiche Leathcheannais V De La Salle**

Chuamar isteach sa chluiche gan ár gcaptaen inspioráideach mar gheall ar ghortú droime agus Conor Foley a chas a alt. D'imríomar an chéad leath cosúil le dream a raibh trua acu dóibh féin toisc na himreoirí a bhí in easnamh. Ach faoi mar a théann an mana, 'cluiche do dhá leath' a bhí i gceist. Bhí scileanna thar barr ag lucht De La Salle le himreoirí sna cúlaithe le luas lasrach. Chaitheamar an chéad leath ag iarraidh an scór a choimeád síos mar bhí brú ollmhór á chur ag De La Salle orainn. Thuig na himreoirí ag leath am nach raibh faic le cailiúint againn – éacht déanta go dtí seo sa chomórtas do scoil nua cosúil linn féin. Amach leo le fearg sa dara leath agus is sinne a bhí ag cur brú ar De la Salle don leath ar fad. Níor chabhraigh an réiteoir lenár gcás nuair a bhí an cluiche idir dhá cheann na meá agus bhí mí-ádh orainn a bheith ar an taobh mícheart den clár scóir ag deireadh an chluiche.

Ceachtanna foghlamtha – forbairt mór déanta agus sin 'ag forbairt le chéile.'

## Senior Rugby

---

At the beginning of the year the team came together and set some goals for the year – one of these goals was that we would ensure a big attendance at training throughout the year which the players said would ensure competition for places which in turn would improve our quality of play on the pitch. The second objective was to increase training to twice a week. All players bought into these plans which made the management confident that we could do well in the competitions this year. Séamus Hogan was nominated as captain as he displayed great hunger in the initial training sessions and he inspires his fellow players through his positive attitude towards training.

### **Game 1 V Rockwell**

We organised a challenge match with Rockwell to prepare us for the King Cup competition. A daunting trip to a college steeped in rugby tradition and with much success. The players were very tuned in and hit the ground running. We won the game with a scoreline of 55 – 10. Matthew Killing was the star performer on the day as he kicked unerringly throughout and also bagged himself a try. At one stage Kyle Heaney was seen heading towards the try line with four rockwell players hanging off his back!

### **Game 2 V Clonmel**

# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter

---



1st round game drawn against Clonmel. They had won this competition twice in a row and were confident of doing the treble! The Gaelcholáiste team did not read the script however and took the game to the opposition from the first whistle. It was a physical game in the first half and we relied heavily on the likes of Conor Foley, Séamus Hogan, Diarmuid O Céadagáin and Eoin O Riain to tackle ferociously throughout the half. Ian Murphy was a solid line out thrower which allowed our vbacks the platform they needed to build momentum towards the Clonmel try line. We won the game 30 – 7, creating history by winning our first cup match.

### **Game 3 V Villiers**

A local city rivalry brought an extra edge to this game which was played at UL Bohemians grounds. We lost Conor Foley early in the game with a bad ankle injury. The management asked at half time that other players stood up to be counted, and stand up they did. In a tight game littered with mistakes due to the poor conditions on the day we came out on top with excellent performances from Alan Rowlands, Ryan Foley and Nathan Brereton. But to be fair everyone did their bit throughout to grind out the result.

### **Game 4 V De la Salle**

We entered the game without two inspirational players due to injuries – Séamus and Conor. We played the first half as if we were feeling sorry for ourselves and no player was playing anywhere near their potential. The management spoke at half time and said that we had nothing to lose and we went out in the second half and threw off the shackles. Every player upped their efforts against a very strong De La Salle outfit – with particularly pacy players in all areas. At key junctures in the game the referee left us down, particularly on one occasion when there was a blatant illegal knock on near the tryline. We were beaten by a very strong team and take huge confidence from our developments this year – both in our play and the levels of maturity and honesty displayed by all players in their efforts so far. Some lessons learnt. Onwards and Upwards – ag Forbairt le Chéile!!

## **Cispheil na mBuachaillí Faoi 16**

Thosaigh na buachaillí go láidir i mbliana i g comórtas an iardheiscirt. Bhí bua iontach acu i gcoinne Nessans ag tús na bliana agus bua iontach eile acu i gcoinne Naomh Eoin. Tháispéáin an grúpa seo an-chuid scileanna nuair a d'imir siad in aghaidh Pallaskenry. Bhuaigh siad 44-34 agus fuair Ruairi Browe roinnt de na ciseáin sin. Bhí cosaint iontach á dhéanamh ag Ben Walsh, Ewan Gallagher agus Luke O'Dwyer. D'imir siad in aghaidh Kanturk i gcluiche leathcheannais an iardheiscirt agus bhí bua an-mhaith acu, 22-15. Bhí siad traochta sa chéad cluiche eile i gcoinne an Choráin agus níor éirigh linn dul ar aghaidh go dtí an cluiche ceannais. Míle buíochas

# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter

---



d'Adrian Quaid, James Blackwell agus Ross Hatton atá ag tabhairt an-chabhair dúinn i mbliana.

We commenced the year with two great wins against St. Nessans and St. Endas in September. This group really showed their skills where they then beat Pallaskenry 44-34 in an excellent game where a lot of scores came from Ruairí Browne. Ben Walsh, Ewan Gallagher and Luke O'Dwyer were very strong in defense. The next round was the Southwest semi finals. We beat Kanturk 22-15. Due to injuries and tiredness we unfortunately lost to the Crescent and didn't manage to go further to the Southwest finals. We would like to thank Adrian Quaid, James Blackwell and Ross Hatton for their constant support and commitment at training and look forward to the first and second year games in the New Year.

### Foireann/Team

Ruairi Browne, Ryan Foley, Ewan Gallagher, Ben Walsh, Luke O Dwyer, Ciarán Van Dam, Jamie Lane, James Lillis, Jacob Woulfe, Noel Markham, Emmet Frawley, Kevin Hannon

## Cispheil na gCailíní faoi 16

Tá foireann bheag ach láidir againn i mbliana. i gcomórtas an iardheiscirt d'ímriomar i gcoinne Pallaskenry ar dtús, bhí bua iontach againn, 45-20. Don dara babhta chuamar go dtí Cruma. D'imir na cailíní go hiontach agus bhuaigh siad 55-14. Tháinig roinnt mhaith de na ciseáin ó Aisling Sargent, Sarah Murray agus Michelle Powell. Cluiche maith a bhí sa chéad cluiche eile ach chailleamar i gcoinne an Chorráin. Bhí cluiche deacair i ndán dúinn tar éis é seo in aghaidh Chaladh an Treoigh. Cluiche den scoth a bhí ann agus ní raibh mórán botún againn ar chor ar bith. Bhuamar 39-26. Bhí cluiche iontach ag Eimear Dollard, Aisling Sargent agus Jessica O'Brien. Bhuamar i gcoinne Cill Rois i gcluiche ceannais an Iardheiscirt, an scór a bhí ann ná 26-22 agus cluiche an-deacair a bhí ann.

Bhí bua iontach ag an bhfoireann faoi 16 i leath cluiche ceannais an Iardheisceart i gcoinne Kilorglan. Ag deireadh an chéad ceathrú bhíomar suas 19-1 ach tháinig Kilorglan ar ais. Bhí an t-ádh dearg linn ag deireadh an cluiche an scór a bhí ann le 10 soicind fágtha ná 31-30 dúinn. Thóg Kilorglan seat ach buíochas le Dia ní bhuail sé an rim! D'imir gach duine sár cluiche agus bhí faoiseamh ollmhór le brath ann! Beimid ag imirt i gceathrú cluiche ceannais na hÉireann ar an 21/1/12. Fáilte chuig chuile dhuine le haghaidh tacaíocht

We have a small under 16 panel who are a very focused and committed this year. We started off the first round with a great win 45-29 against Pallaskenry. For the second round we travelled to Croom, where an excellent display was seen from our girls, with a win 55-14. Many of the scores came from Aisling Sargent, Sarah Murray and Michelle Powell. In our next game we were narrowly beaten by the Crescent by a strong team. A difficult game was in store for us next but our girls proved all wrong beating Castletroy 39-26 in a nail biting game. Eimear Dollard, Aisling Sargent and Jessica O'Brien all were outstanding on the day. We beat Kilrush 26-22 in the South West final which was a nail biting game.

# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter

---



Our U16 girls then went on to have an excellent win on 14/12/11 at the Regional Semi-finals against Kilorglan. At the end of the first game we were up 19-1 and very comfortable. Kilorglan came fighting back and with 10 seconds to go the score was 31-30 to us. We had to keep possession. Kilorglan intercepted the ball and thankfully hit the rim! The final whistle went and we were delighted to win the Southwest semi final 31-30. All players excelled and fought hard until the end. We look forward to the next stage, the All Ireland quarter finals that will take place on 21/12/12. All support is welcome!

### Foireann/Team

Aisling Sargent, Sarah Murray, Michelle Powell, Eimear Dollard, Ciara Olsthorn, Jenny Mullins, Huan Thompson, Alex Bogdanavic, Meabh Ní Iarlaithe, Jessica O'Brien, Siabh Burke Mc Guire.

## Maith sibh , a chailíní!







## Cispheil na gCailíní faoi 19

Thosaíomar go hiontach i mbliana le bua ollmhór i gcoinne Chromadh, 37-7. Tá painéal mór agus láidir againn i mbliana agus buíochas le Dia beidh gach duine faoi 19 arís an bhliain seo chugainn. Sa dara babhta chailleamar i gcoinne foireann láidir ó Chaladh Treoigh. Táimid ag tnúth go mór leis an gcéad chluiche eile i gcoinne Chill Rois.



Our under 19 girls got off to a great start this year beating Croom 37-7 with an excellent display from all involved, We have a strong large panel this year and look forward to all this team being eligible to play U19 again next year. In our second round game we were beaten by a strong Castletroy College Team. We look forward to our next match next week against Kilrush.

### Foireann/Team

Aine Sargent, Claudia Ni Iachtáin, Aedin Tracey, Mary Ní Shé, Ciara Bennet, Katie Connolly, Shauna Ní Shé, Caoimhe Sommers, Kate O'Connell. Aisling Sargent, Eimear Dollard, Sarah Murray, Michelle Powell

# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter

---





## Cispheil na gCailíní Bliain 1 & 2

Tá traenáil an-mhaith déanta agus feabhas ollmhór tagtha ar na grúpaí seo i mbliana. Beidh an comórtas ag tosú tar éis na Nollag ach tá ullmhúcháin iontach déanta againn. Bhí cluiche dushlánach ag an gcéad bhliain i gcoinne Ard Scoil Mhuire agus bhuardar 28-6. D'imir chuile duine go hiontach, go háirithe, Alana Ní Mhorlaí, Ailish Ní Fhaoile, Caoimhe Sheahan and Lilian Ní Thuathail. Chaill an dara bliain an dushlán seo. Bhí roinnt imreoirí gortaithe ach beimid ag súil le feabhas ollmhór sa chomórtas tar éis na Nollag. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Ciara Bennett, Katie Connolly, Emily Sheahan agus Shauna Ní Shé atá ag tabhairt go leor cabhrach dúinn i mbliana.

There teams have done plenty of preparation for the competition that will take place in the New Year. Our first challenge match was against Ard Scoil Mhuire. This was an excellent display by the first years, with a win of 28-6. All involved had a great game, in particular Alana Ní Mhorlaí, Ailish Ní Fhaoile, Caoimhe Sheahan agus Lilian Ní Thuathail. The second years were narrowly beaten and unfortunately some players were injured, we look forward to the competition that will commence in the New Year. We would like to thank Ciara Bennett, Katie Connolly, Emily Sheahan agus Shauna Ní Shé who are an excellent help and an inspiration to the first and second year girls.

## Iománaíocht

### Gaelcholáiste Luimnigh v Salesians Palleskenry.

Lá fuar fluich a bhí ann. Bhí an cluiche ar siúl amuigh i bPalleskenry. Bhí gaoth láidir ag séideadh síos na páirce. Bhíomar ag imirt le cabhair na gaoithe sa chéad leath. Fuair G.C.L cúpla cúl breá ag tús an chluiche agus bhíomar go maith chun tosaigh ag leath ama, 5-3 in aghaidh 1-0. Bhíomar i gcoinne na gaoithe sa dara leath agus dar ndóigh bhí Salesians ag cur a lán brú orainn. Bhí sárcluiche ag na cosantóirí sa dara leath. D'eirigh linn bua a fháil ag an deireadh le scór de 5-4 in aghaidh 4-4. Tá an fhoireann ag súil go mór leis an gcomórtas iománaíochta tar éis na Nollag.

Buíochas le Conor Hellwell agus Ken Byrnes, an Máistir Mac Muiris agus an Máistir O Godhra

## Luthchleasaíocht

Chuamar go léir amach go dtí scoil Naomh Enda an Déardaoin seo caite, lá fuar agus fluich, . Thosaigh sé le rás na mbuachaillí sóisearacha. Rith Aaron, Corey agus Reece ón dara bliain. D'eirigh go maith leo, go háirithe le Ewan a tháinig sa séú áit. Maidir leis na cailíní faoi 18, bhuaigh Claudia Loughnane le cumhacht den scoth. Bhíomar an-bhródúil aisti. Ansin bhí rás na buachaillí sinsearacha agus bhuaigh Ruaidhrí ó Conaill sa rás 20 méadar. Go n-éirí gach rath leo i gcomórtais na Mumhan. Táimid an-bhuíoch do Shéamus de Bhlacúil agus don Mháistreas Ní

# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter

---



Gháibhin as an eagrúchán go léir. Bhaineamar an-taitneamh as an lá agus táimid ag súil go mór leis an gcéad chomórtas eile.

It was a wet day when we visited St. Enda's school last week for the All Limerick Schools Championship Cross Country. The races didn't begin in time, but it started eventually with junior boys. Aaron, Corey, Reece and Ewan in Second year ran. The success was great as Ewan came in sixth place. In the girls under 18 Claudia Loughnane won the event with a great performance. We were very proud of her. Then the senior boys race was won by Ruaidhrí O'Conaill by a great margin. We wish them every success in the North Munsters. We are very grateful to Séamus de Bhlacúil and an Mháistreas Ní Gháibhín for organizing us to take part. We had a great day and are looking forward to the Munsters.

## Camógaíocht

### le Caitlin Frawley:

Is breá liom camógaíocht agus imrím le foireann na scoile. Bíonn traenáil againn gach Céadaoin ar feadh uair an chloig. D'imríomar in dhá blitz, ceann amháin in Áthain agus an ceann eile i Mala. In Áthain bhí an chéad agus an dara bhliain ag imirt. D'imríomar trí chluiche. Bhuamar ceann amháin, críochnaigh an ceann eile ar chomhscór agus chailleamar an ceann deireanach le cúl amháin sna nóiméid dheireanacha. Bhí lá iontach againn.

Bhí an blitz eile ag an bhfoireann faoi 16 agus bhuamar na cluichí grúpa agus chuamar chomh fada leis an gcluiche Leathcheannais. Bhíomar an-sásta agus ina dhiaidh sin stop an bus ag Supermacs!

Beidh níos mó cluichí againn tar éis na Nollag agus tá súil agam go mbeidh cúpla bua eile againn roimh dheireadh na bliana.

I love playing camogie and I play with the school team. We have training every Wednesday for an hour. We have played in 2 blitzes, one in Ahane and the other in Mallow. In Ahane the First & Second Years played 3 matches. We won one match, drew a match and lost the last to a last minute goal. We had a great day and really enjoyed ourselves.

# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter

---



The other blitz we took part in was U/16 and we won our group matches and we went as far as the Semi-Final of the competition. We were delighted with the day and on the way back the bus stopped in Supermacs!

We will have more matches after Christmas and I hope that we will win a few more matches before the end of the year.

## Peil Ghaelach

We began training at the start of the year developing our skills and team play, but we all couldn't wait for our first big match. Twice, our under 14 Blitz fell foul to the weather but last week we got underway, three games, two against crescent and one against St. Munchins.

In the first match, we had a fantastic win against a much fancied Crescent side. We just came up short in the following two games against teams that would be in higher divisions than ourselves. It was a great performance from our boys and this is very promising for the championship which gets under way after Christmas.

In the Blitz, the first years really stood out. Daniel Enright, Daniel Hession, Oisín Cross, Ross Dunworth, Sean O Duibhir, Daniel Long, Niall Foley in goals, Cian Duffy was a rock at the back and Jack Doherty. Special mention to Conor Hayes who put his nose on the line for the cause.

With such an excellent bunch of footballers in first year, the future looks brighter than ever for Gaelic Football in GCL. Having reached the county final at this grade last year, the team will be hoping to go one step further this year.

Thosnaíomar ag traenáil ag tús na bliana ag déanamh forbartha ar ár gcuid scileanna. Bhaineamar an-taitneamh as ach ag an am céanna bhíomar ag tnúth le cluiche. Dhá uair a cuireadh ár mblitz faoi 14 ar ceall de bharr na haimsire. Faoi dheireadh, ar an Déardaoin seo caite bhí seans again imirt in aghaidh scoileanna eile cosúil le Munchins agus dhá fhoireann ón Crescent Comp.

Sa chéad chluiche bhí an bua againn in aghaidh an Crescent. Bhíomar ar fheabhas agus lán sásta bua a fháil sa chéad cluiche den bhliain. Chailleamar le pointe sa dhá chluiche eile in aghaidh Munchins. Don chéad Blitz den bhliain dheineamar sáriarracht agus táimid ag tnúth le tús na craobhe tár éis na Nollag.

Sa Blitz, sheas an chéad bhliain amach ach go hairithe. Dónal Óg Mac Ionnrachtaigh, Daniel Ó hÓisín, Oisín Cross, Ross Dunworth, Sean Ó Duibhir, Dónal Ó Luíng, Niall Ó Foghlú that barr sa chúl, Cian Ó Dufaigh, Jack Ó Dochartaigh agus fear a fuair buile sa srón ach a lean ar aghaidh ag imirt, Conor Hayes, fathach d'fhear!

# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter

---



Leis an gcéad bhliain iontach a fuair am ar i mbliana, is dóigh linn go mbeimid sa chluiche ceannais arís i mbliana, le Cúnamh Dé.

## Club Fichille

Is mise Evan Cahill agus táim sa dara bliain. Gach Céadaoin freastalaím ar an gclub fichille. Is maith liom ficheall mar cuirim aithne ar chairde nua agus is cleachtadh maith é don mhata. An bhliain seo caite bhuaigh mé féin agus m'fhoireann Shane Kelly, Dillon agus Aidan O'Mahoney cluichí ceannais na cathrach agus an chontae. Bainim an-sult as agus molaim do dhaoine dul chuig an club.

## Student Council

### Comhairle na nDaltaí

The student council has started the year off with a bang! The outgoing council finished off their year by hosting a Cheerio's Childline Breakfast Morning in October which proved to be a great success, having raised over €250 for charity. The elections for the new council were held before the Midterm break and students campaigned heavily to try and secure their place on the council. With only one candidate from each class eligible to get a seat on the council the candidates really made an effort to try and get fellow classmates on their side. Three students from each year and four students from 4<sup>th</sup>, 5<sup>th</sup> and 6<sup>th</sup> year were elected onto the council. The new council met for the first time on the 15<sup>th</sup> of November and at this meeting roles were assigned to the members. The following people were elected by the council to fulfil the roles;

**Chairman:** Dylan Grace

**Vice Chairman:** Barry Mc Carthy

**Secretary:** Cayleigh Dunworth & Tara Ní Dalaigh

**Vice Secretary:** Eoin Mc Namara

**Public Relations Officer:** Aoife Willis

**Attendance Officer:** Sonya Sheehy

**Treasurers:** Alan Rowlands and Niall Moloney

The council has already gotten down to business and is currently in the process of finalising the student's council constitution, organising colours days and other school events. We have brought the school scarf to fruition and many students are already sporting it with pride! The student's

# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter

---



council is the link between the students, staff, school management and the board of management. The council has already started off with great energy, motivation and dedication which will hopefully continue into the coming year, as the saying goes *'tús maith, leath na hoibre.'*

**Dylan Grace, Chairman of Student Council 2011/2012**



## Coiste na Scoile Glaise

---

Briain De Grás & David ó Síocháin anseo agus táimid ar an gcoiste glas. I rith na seachtaine bíimid agus na daoine eile ar an gcoiste ag obair go dian chun an scoil a choiméad glas. I rith na seachtaine bíimid ag déanamh seicaíl ar gach seomra sa scoil. I rith na seiceálacha seo bíimid ag

# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter



féachaint ar na boscaí bruscair agus ar an leictreachas sna seomraí sa scoil. Bímid fíorghnóthach gach lá ag déanamh jabanna difriúla chun an chéad bhrat eile a fháil don scoil. Is éard atá i gceist leis na jabanna ná, tar éis scoile gach uile lá téann daltaí ón gcoiste timpeall go dtí na ríomharlanna chun na ríomhairí a sheiceáil agus iad a mhúchadh. Tar éis scoile freisin bímid ag déanamh seiceáil ar an múirín. Is post deacair é a bheith ar an gcoiste ach nuair a fhéachann tú ar na torthaí breathnaíonn sé gur fiú an obair!

Bíonn cruinniú againn gach Deardaoin ag am lóin agus uaireanta tar éis scoile ar an gCéadaoin. Déanaimd ár ndícheall daltaí na scoile a spreagadh chun athchursáil a dhéanamh agus chun fuinneamh a shábháil.







## An Idirbhliain

---

### An Tionscnamh iPad



I mbliana, fuair daltaí na hIdirbhliana iPad don scoil. Ní bíonn cóipleabhair nó leabhair ag teastáil uainn inár málaí toisc go bhfuil said go léir ar an iPad. Úsáidimid iad chun nótaí a thógáil agus chun taighde a dhéanamh ar an idirlín. Tá “campus wi-fi” ar fáil ar fud na scoile. Is iontach an rud é seo mar is féidir linn an t-idirlín a fháil beagnach gach áit timpeall na scoile agus bíonn sé an-chabhrach. Is féidir linn na iPadanna a thógáil abhaile agus aon rud a dhéanamh leo mar cheannaigh gach duine a gceann féin. Tá go leor appanna ar fáil ag baint leis an scoil agus don siamsaíocht freisin. I mo thuairim, tá na iPadanna an-úsáideach agus ní bhíonn meáchan trom ar ár ndroim. Ceapaim gur smaoinemh den scoth é na iPadanna a fháil.

### The iPad Initiative

This year, the fourth years all received iPads for school. This means that we no longer need copies and that next year we will not need any books as all our books will be on the iPad. We mainly use the iPads for taking notes in class and conducting research. Campus Wi-Fi became available to the students earlier this year. This has proved invaluable because we can get internet almost anywhere around the school and it is very helpful. Every student bought their own iPad and is therefore able to take them home and do what they want with them. There are many apps available for educational and entertainment purposes. In my opinion, I think the iPads are very handy and that they are good because we don't need many books and there is hardly any weight in our bags. I think that it is an excellent idea to introduce the iPad in schools.

### Obair Tréadchúraim

Téann gach dalta san Idirbhliain amach gach Déardaoin ag déanamh oibre Tréadchúraim ó 9-11. Don chuid is mó de na daltaí ba é an chéad uair dóibh dul amach agus obair a dhéanamh in eagraíochtaí deonacha. Baineann gach uile dalta an-taitneamh as an taithí iontach seo. Buaileann na daltaí le go leor daoine inspioráideacha agus is iomaí buntáiste eile a bhaineann léi. Tá níos

# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter

---



mó muiníne ag na daltaí agus tá siad spreagtha anois chun obair chrua a dhéanamh chun a n-aidhmeanna a bhaint amach. Taitníonn an obair seo go mór le gach dalta san Idirbhliain,

### Pastoral Care Week.

Every student in Transition Year attends Pastoral Care Placement every Thursday from 9-11am. This is the first time that the vast majority of students have gone out working in charitable organisations. Everyone in Transition Year would agree that it is an excellent and enjoyable experience. Besides meeting very inspirational people, there are many other benefits. Students are more confident from the work they carry out, as well as motivated to work harder to get to where they want to be in the future. Every student really enjoys this aspect of Transition Year.

### Taithí Oibre

---

Chuaigh gach duine san idirbhliain amach ar thaithí oibre ón 28/11/11 go dtí an 02/12/11. Bhí meascán d'ionaid oibre dhifriúla á bpiocadh ag na daltaí. Chuaigh a lán daoine go dtí bunscoileanna, óstáin, dochtúirí ginearálta s.r.l Bhain gach duine taitneamh aisti agus dúirt said go raibh sé go hiontach. Tá roinnt daoine sa bhliain anois agus is léir dóibh nach bhfuil said ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis an bpost áirithe sin sa todchaí. Bhí sé seo ar fheabhas mar is féidir leo an ghairm sin a bhaint ón liosta gairmeacha atá acu don tochaí. Ag deireadh an lae bhí orainn dialann seachtainiúil a líonadh amach. Thug sé sin seans dúinn taifead a dhéanamh ar na scileanna a bhí foghlamtha againn agus ar na rudaí a thaitin linn agus nár thaitin linn. Beidh an dialann againn don tochaí chun féachaint siar air. Bhí an tseachtain ar fheabhas agus tá gach duine ag tnúth go mór leis an gcéad seachtain eile!

### An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta



# Nuachtlitir na Nollag 2011

## Christmas Newsletter

---



